Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Márta 2022
(OR. en)

6890/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 13
RELEX 295

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

Cruinniú urghnách de CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

4 Márta 2022

<u>**CLÁR**</u>

PUBLIC

**Leathanach**

<u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>

3. Fogha na Rúise faoin Úcráin ........................................ 3

4. Aon ghnó eile ........................................ 3

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ........................................ 4

***

## <u>**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**</u>

**3. Fogha na Rúise faoin Úcráin**
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag <u>na hairí</u> maidir le staid na himeartha i ndáil le fogha na Rúise faoin Úcráin; dhíríodar go háirithe ar thábhacht na haontachta idirnáisiúnta agus ar chomhordú na freagartha ar an bhfogha.

Ar imeall chruinniú urghnách na Comhairle, bhí malartú neamhfhoirmiúil tuairimí ag na hAirí le hAire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine, a tháinig isteach trí bhíthin físchomhdhála, agus le Rúnaí Stáit na Stát Aontaithe, le hArd-Rúnaí ECAT, le Rúnaí Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine agus le hAire Gnóthaí Eachtracha Cheanada.

**4. Aon ghnó eile**

Níor tarraingíodh aon saincheist anuas faoin mír seo.

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 6849/22**

PUBLIC

**Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** **Cinneadh lena gcuirtear chun feidhme an chosaint shealadach dá bhforáiltear i dTreoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001**
*Glacadh*

**RÁITEAS Ó NA BALLSTÁIT**

'D'fhonn tacú leis na Ballstáit atá ina bpríomhphointí iontrála ag an mórphlódú daoine easáitithe atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin a chumhdaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Márta 2022 agus d'fhonn cothromaíocht iarrachtaí idir na Ballstáit uile a chur chun cinn, comhaontaíonn na Ballstáit gan Airteagal 11 de Threoir 2001/55/CE a chur i bhfeidhm maidir le daoine a bhfuil cosaint shealadach acu i mBallstát ar leith i gcomhréir leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin agus a ghluaiseann gan údarú go Ballstát eile mura rud é go gcomhaontaíonn na Ballstáit a mhalairt ar bhonn déthaobhach.'